

AIRTEAGAL

1. I mír 3 d’Airteagal 98-*vicies sexies* den Chód um Chumarsáid Leictreonach, laistigh d’Fhoraithe Reachtach 259 de 2003 arna leasú, cuirtear an téacs seo a leanas roimh na focail ‘Glacadóirí raidió do charranna tomhaltais a chuirtear ar fáil’: ‘Ní mór an trealamh uile atá cumasaithe le nasc idirlín agus/nó feistithe le feistí crua-earraí atá in ann ábhar fuaime a chasadh, a shuiteáiltear ar bord feithiclí nua de chatagóir M agus N agus cuadrothair nua de chatagóir L6e agus L7e agus a chuirtear ar fáil ar an margadh lena ndíol nó ar cíós, a bheith oiriúnach freisin chun craoltóireacht fuaime a fháil le go mbeidh an t-úsáideoir in ann seirbhísí raidió a chuirtear ar fáil trí chraoltóireacht analógach agus dhigiteach trastíre DAB+ a fháil agus a chasadh. Áiritheoidh monaróirí, cóimeálaithe, forbróirí agus allmhaireoirí, agus trealamh den sórt sin á chur ar an margadh acu, go n-áireofar ann feidhmiúlacht a chuirfidh ar chumas an úsáideora a chumraíocht a mhodhnú gan bhac agus go héasca, tráth ar bith, agus áiritheoidh siad freisin go nglacfar go cuí le raidió digiteach, lena n-áirítear agus nuashonruithe dochtearraí agus bogearraí á ndéanamh acu.’